Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15555/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0409(NLE)**

**ECOFIN 1194**
**FIN 1173**
**UEM 360**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 726 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10158/21 agus ST 10158/21 ADD 1) maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 726 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 726 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.11.2023
COM(2023) 726 final

2023/0409 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10158/21 agus ST 10158/21 ADD 1) maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine**

{SWD(2023) 371 final}

GA GA

2023/0409 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10158/21 agus ST 10158/21 ADD 1) maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ghearmáin an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 28 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021[2].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 9 Nollaig 2022, chuir an Ghearmáin plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241. I ndiaidh don Ghearmáin an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chur isteach, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Feabhra 2023[3].

(4) An 15 Meán Fómhair 2023, chuir an Ghearmáin plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin. Cuirtear an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe.

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[2] ST 10158/21 agus ST 10158/21 ADD 1.

[3] ST 5536/23.

(5) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Gearmáine i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle don Ghearmáin dlús suntasach a chur le cur chun feidhme a phlean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe. Mhol an Chomhairle freisin don Ghearmáin dlús a chur le digitiú na seirbhíse poiblí agus borradh a chur faoin infheistíocht i líonraí cumarsáide digití ardtoillte, a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur le hiarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh san iompar, san fhoirgníocht agus sa tionsclaíocht, lena n-áirítear trí infheistíochtaí a dhéanamh i gcórais téimh ghlais. Áirítear ar na moltaí freisin dlús a chur le hiarrachtaí beartais na Gearmáine arb é is aidhm dóibh na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá don aistriú glas a sholáthar agus a shealbhú, dreasachtaí cánach a fheabhsú chun líon na n-uaireanta a oibrítear a mhéadú agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean a chosaint.

(6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, comhlachais chomhshaoil, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

***Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán 2021/241***

(7) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Ghearmáin isteach, tugtar dhá bheart cothrom le dáta tríd an leibhéal cur chun feidhme is gá a mhéadú agus cuirtear beart nua leis chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Ghearmáin toisc gur mhéadaigh an ranníocaíocht airgeadais uasta ó EUR 26 359 833 613[4] EUR 28 018 501 973 [5], go raibh údar maith le modhnú ar thrí bheart sa phlean chun an ranníocaíocht mhéadaithe a mheaitseáil. I gcás dhá bheart de chomhchuid 1.2 'Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid', méadaíodh an leibhéal cur chun feidhme is gá, go háirithe i gcás 1.2.1 'Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil' agus 1.2.3 'Tacaíocht chun flít na bhfeithiclí príobháideacha a athsholáthar' agus tugadh isteach beart nua 1.1.6 'Tacaíocht chónaidhme do ghréasáin teasa éifeachtúla' i gcomhchuid 1.1 'Dícharbónú ina n-úsáidtear hidrigin in-athnuaite go háirithe'.

(8) Is infheistíocht é an beart nua 1.1.6 i gcomhchuid 1.1. chun tacaíocht chistiúcháin a chur ar fáil chun córais téimh ceantair a leathnú agus a chlaochlú chun fuinneamh in-athnuaite agus dramhtheas a chomhtháthú agus chun córais nua téimh ceantair a thógáil bunaithe ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus ar dhramhtheas. Maoiníonn na bearta freisin staidéir indéantachta agus pleananna claochlaithe chun dícharbónú earnáil téimh ceantair na Gearmáine a éascú faoi 2045.

---

4 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Gearmáine de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

5 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Gearmáine de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

(9) Maidir leis an modhnú ar bhearta chomhchuid 1.2, méadaítear sprioc 24 de bheart 1.2.1 (Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil), agus cuirtear sprioc 30a de bheart 1.2.3 (Tacaíocht chun flít na bhfeithiclí príobháideacha a athsholáthar) leis chun leibhéal an chur chun feidhme is gá a mhéadú i gcomparáid leis an bplean bunaidh, rud a léiríonn an ranníocaíocht airgeadais mhéadaithe atá ar fáil don Ghearmáin.

(10) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an nGearmáin, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún***

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(12) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, méadaítear leibhéal na huaillmhéine maidir leis an gcéad cholún maidir leis an aistriú glas i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Méadaítear an uaillmhian don aistriú glas toisc go laghdaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise leis an tacaíocht bhreise do thógáil bonneagair luchtaithe agus d’athsholáthar feithiclí leictreacha príobháideacha, agus leis an tacaíocht nua do líonraí téimh ceantair ghlais, feabhsaítear éifeachtúlacht fuinnimh agus cuirtear dlús le dícharbónú na hearnála fuinnimh agus foirgneamh go háirithe.

(13) Maidir leis na colúin eile, níl tionchar ag cineál ná méid na modhnuithe atá beartaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an measúnú dearfach a formheasadh trí bhíthin Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 óir is é a bhí i gceist leis den chuid is mó freagairt chuimsitheach agus chuí-chothromaithe ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, agus ar a rannchuidiú iomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar mór de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an nGearmáin, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(15) Go háirithe, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil roimh mheasúnú an phlean mhodhnaithe ag an gCoimisiún. Ós rud é go ndearnadh an ranníocaíocht airgeadais uasta don Ghearmáin a choigeartú suas, déantar moltaí struchtúracha uile 2022 agus 2023 a mheas sa mheasúnú foriomlán.

(16) Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile mar chuid de Sheimeastar Eorpach 2023,

measann an Coimisiún go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le moladh 2019.2.5 maidir leis na coinníollacha a thacaíonn le fás pá níos airde a neartú.

(17) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a chuir an Chomhairle faoi bhráid na Gearmáine i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe maidir le spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus iarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh a fheabhsú (2022.4.1 agus 2022.4.2), agus maidir le héifeachtúlacht fuinnimh in iompar agus i bhfoirgnimh, lena n-áirítear trí infheistíochtaí i gcórais téimh ceantair ghlasa (CSR 2023.4.3 agus 2023.4.4). Déantar é sin trí mhaoiniú a thabhairt do thógáil líonraí nua téimh ceantair ghlais chomh maith le dícharbónú na líonraí atá ann cheana. Tacóidh an scéim le saoráidí giniúna teasa in-athnuaite agus le bearta is gá chun teas agus dramhtheas in-athnuaite a chomhtháthú, lena n-áirítear bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus aonaid stórála, agus chun cur chun feidhme straitéisí dícharbónaithe a dhreasú. Tá an beart go hiomlán i gcomhréir leis na moltaí chun dlús a chur leis na hiarrachtaí chun fuinneamh a shábháil agus breoslaí iontaise a ionadú agus tá sé comhlántach leis na hathchóirithe leanúnacha sa Ghearmáin.

(18) I gcomhréir le moladh 2022.4.1 agus 2022.4.2 lena ndírítear ar spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar mholadh 2023.4.3 chun éifeachtúlacht fuinnimh in earnáil an iompair a fheabhsú, déantar iarracht shuntasach dlús a chur le hinfheistíochtaí i soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid. Bhí bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh chun díol feithiclí leictreacha a chur chun cinn, rud a thacaíonn le feithiclí ceallra-leictreacha. Comhlánaíodh an iarracht sin le tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil. Áirítear sa phlean modhnaithe méadú ar an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir leis na bearta 1.2.1 *Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil* agus 1.2.3 *Tacaíocht chun flít na bhfeithiclí príobháideacha a athsholáthar*. Táthar ag súil go dtacóidh na bearta faoi chomhchuid 1.2 *Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid* leis an nGearmáin a spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnáil an iompair a bhaint amach. Táthar ag súil go gcuirfidh an scéim tacaíochta le haghaidh feithiclí leictreonacha faoi bheart 1.2.3 borradh díreach faoin éileamh ar na cineálacha sin gluaisteán paisinéirí trí bhíthin tacaíocht spriocdhírithe, agus meastar go leathnóidh beart 1.2.1 a thuilleadh an bonneagar luchtaithe is gá.

(19) Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar freisin go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe leis na míchothromaíochtaí a cheartú, mar a shainaithnítear iad sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2019, 2020, 2022 agus 2023, ar míchothromaíochtaí iad atá ann sa Ghearmáin, go háirithe maidir leis an mbarrachas mór leanúnach ina cuntas reatha, rud a léiríonn freisin infheistiú íseal i gcomórtas le coigiltis.

***Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach***

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe ar acmhainneacht fáis, cruthú post

agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Gearmáine a neartú, lena gcuirfear le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(21) Is rannchuidiú ríthábhachtach don acmhainneacht fáis agus don athléimneacht é an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe trí bhearta a neartú maidir leis an aistriú aeráide agus trí dhíriú ar aistriú ó bhreoslaí iontaise agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú i gcúinsí ina mbíonn tionchar diúltach suntasach ag praghsanna arda fuinnimh iontaise ar an ngeilleagar. Go háirithe, treisíonn na modhnuithe infheistíochtaí agus tacaíocht infheistíochta i ndícharbónú na hearnála tógála agus fuinnimh chomh maith le soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid.

(22) Ní dhéanann modhnuithe an phlean difear do thionchar foriomlán an phlean bunaidh ar fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn, ná ar thionchar an phlean a bhaineann le comhtháthú sóisialta agus leis an gcóras cosanta sóisialta chomh maith leis an nasc le Colún na gCeart Sóisialta agus béim ar leanaí agus ar an óige.

(23) Measann ionsamhlúcháin stílithe a rinne seirbhísí an Choimisiúin go bhféadfadh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear an ranníocaíocht airgeadais mhéadaithe, mar aon leis an gcuid eile de bhearta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, OTI na Gearmáine a mhéadú idir 0.4 % agus 0.8 % faoi 2025, gan an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag athchóirithe struchtúracha a áireamh go sainráite.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(25) Mhéadaigh an Ghearmáin an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir le bearta 1.2.1 agus 1.2.3 a áiríodh cheana féin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, a ndearnadh measúnú dearfach air maidir leis an bprionsabal ' gan dochar suntasach a dhéanamh'. Ní dhéanann an modhnú ar na bearta sin difear do chineál na mbeart sin agus ní athraítear an measúnú. Ina theannta sin, le beart 1.1.6 a tugadh isteach le déanaí agus lena dtugtar tacaíocht do chórais téimh ceantair ghlasa, ní thugtar tacaíocht d'fhoinsí teasa a úsáideann breoslaí iontaise, déantar líonraí téimh atá ann cheana a dhícharbónú agus dírítear ar fhoinsí teasa in-athnuaite agus dramhtheas a chomhtháthú le haghaidh líonraí nua. Ar an mbonn sin, meastar go n-áiritheofar an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe nach ndéanfaidh aon bheart 'dochar suntasach'.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

[6] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(26) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuireann go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide suim arb ionann í agus 47.0 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(27) Is é is aidhm do bheart 1.1.6 maidir le cistiú feidearálach do líonraí téimh ceantair ghlais glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa a bhaint amach in earnáil an téimh agus in earnálacha gaolmhara (foirgníocht agus tionsclaíocht) faoi 2045 agus i gcomhréir leis na spriocanna eatramhacha i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na Gearmáine. Is féidir le téamh ceantair glas rannchuidiú go suntasach le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailleáin in earnáil an fhuinnimh, na tionsclaíochta agus na bhfoirgneamh a laghdú, lena n-áirítear iad a laghdú trí bhíthin coirí aonair a athsholáthar trí fhoirgnimh a nascadh leis an líonra, gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh agus deireadh a chur de réir a chéile le gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe. Oibreoidh an beart i gcomhar le hathchóirithe tábhachtacha in earnáil tógála agus téimh na Gearmáine agus le maoiniú comhlántach arna mhaoiniú go náisiúnta le haghaidh téamh ceantair amhail an tAcht um Chomhghiniúint. Is ar bhithmhais inbhuanaithe amháin a bhraithfidh an beart, rud a chuirfidh le saibhreas speiceas a chaomhnú.

(28) Meastar go rannchuideoidh bearta 1.2.1 agus 1.2.3 le dícharbónú na hearnála iompair trí dhlús a chur le glacadh feithiclí atá saor ó astaíochtaí agus trí infhaighteacht bonneagair luchtaithe a fheabhsú. Táthar ag súil go mbeidh comhthairbhe ag baint le gach beart ó thaobh na bithéagsúlachta de tríd an éifeacht a mheastar a bheidh acu ar astaíochtaí truailleán aeir agus astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn go mór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 48.1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(30) An t-athbhreithniú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine, níl tionchar aige ar aon cheann de bhearta digiteacha an phlean. Sa phlean modhnaithe, leanann sciar suntasach den leithdháileadh iomlán de bheith ag cur leis an aistriú digiteach agus le suntasacht gnéithe digiteacha i bhformhór na gcomhchodanna trí chéile, cuireann plean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine béim láidir ar an aistriú digiteach agus ar na dúshláin a eascraíonn as i ngach earnáil.

***Tionchar buan***

(31) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, meastar go mbeidh tionchar

buan láidir (Rátáil A) ag an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe ar an nGearmáin.

(32) Méadaíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe uaillmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta ina iomláine, agus táthar ag súil go mbeidh tionchar buan ag infheistíochtaí breise go háirithe maidir leis an aistriú glas. Go háirithe, leis an tacaíocht mhéadaithe chun an bonneagar luchtaithe a leathnú agus chun flít na bhfeithiclí príobháideacha a ionadú, d'fhéadfaí éifeachtaí scála a mhéadú trí dhlús a chur leis an aistriú. Is é is toradh ar leathnú na líonraí téimh ceantair go soláthraítear bonneagar a bhfuil saolré fhada aige.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(33) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(34) Fuarthas sa mheasúnú tosaigh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.8, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 go bhfuil na socruithe a beartaíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leordhóthanach chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(35) Tá na socruithe atá beartaithe don phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh fós i bhfeidhm agus ní dhéantar difear don mheasúnú dearfach a rinneadh roimhe seo., Tá an comhlacht comhordúcháin san Aireacht Chónaidhme Airgeadais agus na hAireachtaí líne freagrach as cur chun feidhme éifeachtach an phlean. Na socruithe éagsúla a cuireadh ar bun chun an plean a cheapadh agus a chaibidliú agus chun a áirithiú go gcuirfear an plean chun feidhme go héifeachtúil agus go rialta, tá siad inchreidte ó thaobh an tsainordaithe dhlíthiúil agus an chumais riaracháin de. Comhdhéanann garspriocanna agus spriocanna an phlean córas iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean. Tá na garspriocanna agus na spriocanna soiléir agus réalaíoch, agus tá na táscairí maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir. Tá garspriocanna agus spriocanna ábhartha freisin maidir le bearta a tugadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Na sásraí fíoraithe, an bailiú sonraí agus na freagrachtaí a dtugann údaráis na Gearmáine tuairisc orthu, is cosúil go bhfuil siad sách láidir chun údar cuí a thabhairt leis na hiarrataí ar eisíocaíocht ar bhealach leordhóthanach nuair a chomhlíontar go sásúil na garspriocanna agus na spriocanna.

***Costáil***

(36) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha réasúnta agus measartha sochreidte (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost- éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(37) Ní dhéanann an fhaisnéis chostála a chuir an Ghearmáin ar fáil don dá bheart modhnaithe agus do bheart nua amháin difear do rátáil B an phlean bunaidh. Chuir an

Ghearmáin faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir leis an infheistíocht nua agus maidir leis na hinfheistíochtaí sin ar méadaíodh an leibhéal cur chun feidhme is gá ina leith sa phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe faoi Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Tá costais mheasta na n-infheistíochtaí sin i gcomhréir lena saghas agus lena gcineál agus tá fianaise costála agus anailís ábhartha ag gabháil leo. Tá údar maith le costais an bhirt nua maidir le téamh ceantair, tá siad réasúnta, inchreidte agus ní áirítear leo costais a chumhdaítear le maoiniú de chuid an Aontais atá ann cheana nó atá beartaithe. I gcás an bhirt nua, bhí na mionsonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí is bonn leis na meastacháin chostais a cuireadh ar fáil teoranta. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, is leormhaith iad (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus táthar ag súil leis na socruithe go ndéanfar maoiniú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi cláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

(39) Sa mheasúnú bunaidh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, cinneadh go raibh na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leormhaith chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus go rabhthas ag súil leis na socruithe go ndéanfaí maoiniú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi cláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Ós rud é nár tugadh isteach aon athrú, tá an measúnú sin fós ábhartha.

***Comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta***

(40) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, cuimsítear go mór (Rátáil A) sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(41) Déantar athruithe ar dhá cheann de na deich gcomhchuid atá ann cheana leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. Leis na modhnuithe a rinneadh, ní athraítear comhleanúnachas foriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta, agus

---

[7] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

an dóigh a neartaíonn na comhpháirteanna a chéile agus a gcomhlánaíonn siad a chéile á cur san áireamh. Leis an dá bheart ar méadaíodh an leibhéal cur chun feidhme is gá ina leith agus leis an mbeart nua treisítear a thuilleadh an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus cuirtear chun cinn úsáid fuinnimh in-athnuaite, rud atá thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacs an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

***Próiseas comhairliúcháin***

(42) Mínítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe go ndearnadh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara (*Länder*, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí leasa, comhlachais chomhshaoil, ionadaithe na sochaí sibhialta) agus go leanfar díobh le linn chur chun feidhme an phlean bunaidh chomh maith leis an bplean modhnaithe, ar bhonn rialta. Mar ullmhúchán don phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, thionóil údaráis na Gearmáine cruinnithe le na *Länder*, leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na heagraíochtaí leasa shóisialta chomh maith le comhlachais chomhshaoil. Le linn na gcruinnithe sin, cuireadh na bearta atá beartaithe chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a thabhairt cothrom le dáta faoi bhráid na bpáirtithe leasmhara agus pléadh iad. Freagraíodh ceisteanna aonair, agus cuireadh barúlacha agus moltaí san áireamh agus na bearta don phlean á dtabhairt chun críche. An t-aiseolas a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin bunaidh, go háirithe maidir leis an ngá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i leathnú agus i gclaochlú na gcóras téimh ceantair chun fuinneamh in-athnuaite agus dramhtheas a chomhtháthú, rinneadh é a mheas sa bheart nua 'Tacaíocht chónaidhme le haghaidh líonraí teasa éifeachtúla'. Chun an úinéireacht na ngníomhaithe ábhartha a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n- áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n- infheistíochtaí agus na n- athchóirithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe.

***Measúnú dearfach***

(43) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, ba cheart iad a leagan amach.

***Rannchuidiú airgeadais***

(44) Is é EUR 28 749 958 599 costais mheasta iomlána phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Gearmáine.[8] Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ghearmáin, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Gearmáine a bheith comhionann

---

[8] Chuir an Ghearmáin dhá mheastachán costais isteach. Áirítear cáin bhreisluacha (CBL) le haghaidh roinnt beart in oll-luach an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, mar atá EUR 30 181 006 986, ach níl CBL san áireamh sa ghlanluach EUR 28 749 958 599 ar a laghad.

le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Gearmáine. EUR 28 018 501 973 atá sa tsuim sin.

(45) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ST 10158/21 agus ST 10158/21 ADD 1 ón gComhairle an 13 Iúil maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta i gcás na Gearmáine, arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme ST 5536/23 ón gComhairle an 14 Feabhra 2023, a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 13 Iúil 2021 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Gearmáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t- amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n- áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht ar fáil don Ghearmáin i bhfoirm tacaíocht neamh-inaisíoctha dar luach EUR 28 018 501 973[9]. Áirítear ar an rannchuidiú sin:

1. beidh suim EUR 16 291 323 631 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;
2. beidh méid eile EUR 11 727 178 342 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

(3) Leasaítear an iarscríbhinn mar a leanas:

(a) Roinn 1: Athchóirithe agus Infheistíocht faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta; 1. Leasaítear an tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí mar a leanas:

(i) I roinn A. Comhchuid 1.1: Dícharbónú trí úsáid a bhaint as hidrigin in-athnuaite go háirithe; A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, tar éis phointe 1.1.5 Infheistíocht: Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine, cuirtear isteach an pointe nua seo a leanas:

***'1.1.6 Infheistíocht: Tacaíocht Chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla***

---

9 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Gearmáine de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.';

Is éard atá sa bheart tacaíocht airgeadais do thionscadail infheistíochta chun córais téimh ceantair atá ann cheana a dhícharbónú, chomh maith le tionscadail infheistíochta chun líonraí nua téimh ceantair a thógáil, agus sciar an teasa ó fhoinsí in-athnuaite agus dramhtheas á leathnú.

Chun tacú le líonraí nua téimh ceantair, úsáidfear 75 % ar a laghad d'fhuinneamh in-athnuaite agus de dhramhtheas. Ní dhéanfar aon bhreosla iontaise a mhaoiniú. Ní dheonófar tacaíocht faoin scéim ach do ghiniúint teasa ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear bithmhais inbhuanaithe, agus dramhtheas.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 31 Lúnasa 2026.';

(ii) I roinn A. Comhchuid 1.1: Dícharbónú trí úsáid a bhaint as hidrigin in-athnuaite go háirithe; A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, i ndiaidh ró 21, cuirtear isteach na rónna nua 21A, 21B agus 21C seo a leanas:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| '21 A | 1.1.6 Tacaíocht Chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Cinntí deontais a shíniú | - | Cinntí deontais | 0 | 200 | R4 | 2023 | Shínigh an t-údarás cur chun feidhme, BAFA (*Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle*)) 200 cinneadh deontais le haghaidh tionscadail atá i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart. |
| 21B | 1.1.6 Tacaíocht Chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Staidéir féidearthachta agus/nó pleananna claochlaithe a thabhairt chun críche | - | Staidéir féideartha chta agus/nó pleananna claochlaith e | 0 | 50 | R4 | 2024 | Cuireadh ar a laghad 50 staidéar féidearthachta agus/nó plean claochlaithe i gcrích i gcomhréir leis na treoirlínte cistiúcháin le haghaidh téamh ceantair éifeachtúil ón 1 Lúnasa 2022 agus cuireadh faoi bhráid an údaráis cur chun feidhme iad (*Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle*) BAFA. |
| 21C | 1.1.6 Tacaíocht Chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Eisíocaíocht EUR 570 milliún le haghaidh na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht | - | Milliún EUR eisíoctha | 0 | 570 | R2 | 2026 | As an EUR 570 000 000 a leithdháileadh ar an mbeart, eisíocadh EUR 541 500 000 ar a laghad le haghaidh na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.'; |

(iii) I roinn B. Comhchuid 1.2: Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid; A/B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 24:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| '24 | 1.2.1 Tacaíocht chun bonneagar | Sprioc | Méadú ar phointí athluchtaithe i bhfoirgnimh | - | Míle pointe athluchtait he i | 0 | 689 | R4 | 2023 | Maoiníodh ar a laghad 689 000 pointe athluchtaithe trí eisíocaíocht na tacaíochta airgeadais ón scéim deontais a oibríonn an Aireacht Chónaidhme um Digitiú agus um Iompar (*Bundesministerium für Digitales und Verkehr*, BMDV).'; |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | luchtaithe a thógáil | | chónaithe | | bhfoirgni mh chónaithe | | | | | |

(iv) I roinn B. Comhchuid 1.2: Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid; A/B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, i ndiaidh ró 30, cuirtear isteach an ró 30A seo a leanas:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘30 A | 1.2.3 Tacaíocht chun flít na bhfeithiclí príobháidea cha a athsholáthar | Sprioc | Tacaíocht chun 399 450 feithicil leictreach a cheannach | - | - | 0 | 399 450 | R1 | 2025 | Sa bhreis ar na ceannacháin a dtacaítear leo faoi spriocanna 29 agus 30, eisíocadh tacaíocht deontais le faighteoirí chun 399 450 feithicil leictreach (feithiclí hibrideacha inluchtaithe, feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí breosla-chille leictreacha) a cheannach ar bhonn na dtreoirlínte cistiúcháin (BAnz 07.07.2020 B2) a tháinig i bhfeidhm an 8 Iúil 2020 chomh maith le haon treoirlínte agus leasuithe ina dhiaidh sin ar na treoirlínte sin. |

(v) sa phointe maidir le ‘Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte ‘Is é EUR 26 359 833 613 méid chostais mheasta iomlána phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine’: ‘Is é EUR 28 749 958 599 costais mheasta iomlána phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine.’;

(b) Roinn 2: Tacaíocht Airgeadais, pointe 1. Ranníocaíocht airgeadais, rud a leasaítear mar a leanas:

(i) i bpointe 1.2 An Dara Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear ‘EUR 7 735 241 456’ in ionad mhéid na tráthchoda ‘EUR 7 531 239 794’ sa ró deiridh agus sa cholún deiridh;

(ii) i bpointe 1.3 An Tríú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 24:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘24 | 1.2.1 Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil | Sprioc | Méadú ar phointí athluchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe’; |

(iii) i bpointe 1.3 An Tríú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear an ró nua seo a leanas isteach i ndiaidh ró 3:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘21 A | 1.1.6 Tacaíocht Chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Cinntí deontais a shíniú’; |

(iv) i bpointe 1.3 An Tríú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear ‘EUR 7 272 273 833’ in ionad mhéid na tráthchoda ‘EUR 6 857 606 743’ sa ró deiridh agus sa cholún deiridh;

(v) i bpointe 1.4 An Ceathrú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear an dá ró nua seo a leanas isteach i ndiaidh ró 8:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘21B | 1.1.6 Tacaíocht Chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Staidéir féidearthachta agus pleananna claochlaithe a thabhairt chun críche |
| 30A | 1.2.3 Tacaíocht chun flít na bhfeithiclí príobháideacha a athsholáthar | Sprioc | Tacaíocht chun 399 450 feithicil leictreach a cheannach’; |

(vi) i bpointe 1.4 An Ceathrú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear ‘EUR 4 323 845 659’ in ionad mhéid na tráthchoda ‘EUR 3 698 513 141’ sa ró deiridh agus sa cholún deiridh;

(vii) i bpointe 1.5 An Cúigiú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear an ró nua seo a leanas isteach i ndiaidh ró 20:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘21C | 1.1.6 Tacaíocht Chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Eisíocaíocht EUR 570 milliún leis na tionscadail a fhaigheann tacaíocht’; |

(viii) i bpointe 1.5 An Cúigiú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear ‘EUR 4 342 377 349’ in ionad mhéid na tráthchoda ‘EUR 3 927 710 259’ sa ró deiridh agus sa cholún deiridh.

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*